

An Rúis faoi Stalin agus an Ghearmáin faoi Hitler

Príomhthoradh Foghlama:
3.9 scrúdú a dhéanamh ar an saol i dtír amháin faisisteach agus i dtír amháin cumannach san fhichiú haois.

Torthaí Foghlama Ábhartha Eile: 1.1, 1.5, 1.9, 1.11

Réamhcheacht

1. Ainmnigh trí cinn d'impireachtaí ón stair.
2. Tarraing meabhairmhapa den chóras feodach chun súil siar a chaitheamh air.
3. Smaoinigh siar ar Réabhlóid Mheiriceá – cad a chiallaigh na téarmaí seo a leanas: absalóideachas, Ré na hEagnaíochta, cumhacht diaga na ríthe?
4. Ar chuala tú trácht riamh ar na daoine seo: Karl Marx, Benito Mussolini, Adolf Hitler, Josef Stalin? Scríobh gach rud atá ar eolas agat fúthu.
5. Déan amach meabhairmhapa den tionchar a bhí ag an gCéad Chogadh Domhanda ar Éirinn.
6. Tabhair sainmhíniú ar an bhfocal daonlathas. Mínigh an téarma sin i d'fhocail féin, más féidir leat.
7. Tabhair sainmhíniú ar an bhfocal deachtóir. Déan iarracht an téarma sin a mhíniú i d'fhocail féin.
8. Mínigh an difríocht idir an ról atá ag uachtarán agus an ról atá ag taoiseach nó príomh-aire, más féidir leat.

An Eoraip *c.* 1900: Ré na nIdé-Eolaíochtaí



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

forbair	cothromaíocht	na Léinte Dubha
forbairt	éagothromaíocht	
an Mhór-Roinn	muinín	úinéireacht
rialtas	úinéir	ionchur
cumannachas	faisisteachas	

Cad a chiallaíonn an focal 'idé-eolaíocht' → Is éard atá i gceist le hidé-eolaíocht ná na smaointe atá ag daoine maidir leis an gcaoi ar cheart tír a rialú.

Sa chaibidil seo, beimid ag foghlaim faoin saol a bhí ag gnáthdhaoine i ndá thír sa 20ú haois, tír amháin cumannach agus tír eile faisisteach. Ach cad is brí leis na focail sin agus cad as ar tháinig siad?


Foclóir

cumannachas: *communism*
faisisteachas: *fascism*
idé-eolaíocht, smaointe maidir leis an gcaoi ar cheart tír a rialú: *ideology*
óige na Rúise: *the youth of Russia*

Is samplaí iad cumannachas agus faisisteachas de na hidé-eolaíochtaí éagsúla a bhí ag teacht chun tosaigh timpeall ar 1900.

Ar an Mór-Roinn, bhí daoine ag iarraidh an chaoi a raibh a dtíortha á rith a athrú go huile is go hiomlán. Is iad an cumannachas agus an faisisteachas an dá shampla ba mhó de na córais nua sin.

Teacht chun cinn an chumannachais: Ag deireadh an 19ú haois, chuir cuid mhaith de na daoine a raibh oideachas orthu, suim i gcóras nua rialtais – an cumannachas. Ba chóras é seo ina raibh acmhainní iomlána na tíre, m.sh. talamh, tithe, agus monarchana, faoi úinéireacht an stáit, agus ní i lámha na ndaoine ba shaibhre sa tír. An rud ba mhó a bhí ag teastáil ó na cumannaithe ná laghdú ar an éagothromaíocht idir na daoine ba shaibhre agus na daoine ba bhoichte i dtír, agus go gcaithfí mar an gcéanna le gach duine. Ba é Karl Marx, Gearmánach, an duine a bhí taobh thiar de na smaointe seo, ach ba iad óige na Rúise an dream ba mhó a rinne iarracht plean Marx a chur i bhfeidhm. Sa chaibidil seo, beimid ag féachaint ar an saol sa Rúis faoin dara ceannaire cumannach, Josef Stalin.


Josef Stalin in 1902.

Teacht chun cinn an fhaisisteachais: Ba san Iodáil a tháinig an faisisteachas chun cinn sna blianta tar éis an Chéad Chogadh Domhanda. Chaill muintir na hIodáile muinín i gcumas an rialtais fadhbanna na tíre a réiteach. Ní raibh muintir na hIodáile ag iarraidh a bheith ag vótáil i dtoghcháin go rialta ar eagla go dtitfeadh rialtas eile as a chéile. Theastaigh ó roinnt Iodálach go gcuirfeadh fear láidir an tír faoi smacht agus go réiteodh sé fadhbanna na hIodáile. Ní hamháin sin, ach theastaigh uathu go mbeadh an Iodáil féin níos fearr agus níos láidre ná na tíortha eile a bhí timpeall uirthi. I mí Dheireadh Fómhair 1922, ghlac Benito Mussolini, (ceannaire ar ghrúpa na Léinte Dubha) cumhacht san Iodáil. Níorbh fhada go raibh iar-shaighdiúir óg sa Ghearmáin, Adolf Hitler, ag iarraidh an rud céanna a dhéanamh sa Ghearmáin.


Mussolini agus Hitler.

Cad a chreideann cumannaithe agus faisistithe?



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

namhaid/naimhde	geilleagar	comhionannas	cumannaithe
sceimhle	bolscaireacht	gnólacht	faisistithe
smacht	meon/meonta	cogadh cathartha	imní

Cumannaithe:

1. Bhí gach rud faoi úinéireacht an stáit agus bhí ról lárnach ag an stát i bhforbairt na heacnamaíochta
2. Bhí siad ag iarraidh domhan nua a chruthú faoi cheannas an lucht oibre
3. Bhí comhionannas idir fir agus mná uathu
4. Bhí naimhde nádúrtha ag cumannaithe – gach duine atá ina gcoinne
5. Bhí cosc ar reiligiún.



Íomhá: An Casúr agus an Corrán. Siombail é an casúr do na hoibrithe tionscail, seasann an corrán do na hoibrithe tuaithe.

Cosúlachtaí idir Cumannaithe agus Faisistithe:

1. Bhain tábhacht leis an mbolscaireacht
2. Úsáideadh sceimhle chun na gnáthdhaoine a choimeád faoi smacht
3. Úsáideadh foréigean chun fáil réidh le naimhde
4. Bhí ról lárnach ag an gcóras oideachais i múnlú mheon an chéad ghlúin eile
5. Rinneadh cinsireacht ar na meáin
6. Bhí cultas pearsan ann
7. Níor ceadaíodh ach páirtí amháin polaitíochta.

Faisistithe:

1. Bhí gnólachtaí faoi úinéireacht phríobháideach agus go minic thacaigh na gnólachtaí sin leis na faisistithe
2. Chreid siad go raibh a dtír féin níos fearr ná aon tír eile. Chreid siad go láidir sa náisiúnachas
3. Bhí ról traidisiúnta ag mná sa tsochaí fhaisisteach
4. Ba iad na cumannaithe naimhde nádúrtha na bhfaisistithe.



Íomhá: An svaistice, siombail atá in úsáid le fada ag Hiondúigh agus Búdaithe. Seasann an tsiombail d'fholláine. Ón uair a thosaigh faisistigh na Gearmáine, na Naitsithe, á húsáid, samhlaíodh an svaistice le heagla agus le bás.

Foclóir

gach duine a bhí ina gcoinne: ***everyone who was against them***
i múnlú mheon an chéad ghlúin eile: ***in the formation of the minds of the next generation***

An Rúis faoi Stalin

Cúlra: An Rúis roimh 1917



Teaghlach ríoga na Rúise.

Ag tús an 20ú haois, bhí impireacht ollmhór ag an Rúis, ó Várs san iarthar go dtí an tAigéan Ciúin san oirthear. Ba é an Sár ceannaire na himpireachta sin, agus ba é an Sár Nioclás II an fear deireanach a raibh an teideal sin aige. Fear uilechumhachtach a bhí sa Sár agus níor ghéill sé riamh d'iarrachtaí é a mhealladh chun bheith ag obair leis an bparlaimint. Chuir an Sár Nioclás II é féin i gceannas ar fhórsaí na Rúise sa Chéad Chogadh Domhanda agus níor éirigh go maith leis na fórsaí a bhí faoina cheannaireacht. D'éirigh bia gann, go háirithe arán. Bhris círéibeacha agus stailceanna amach ar fud na Rúise. Chuir an pobal an milleán as na fadhbanna seo ar an Sár.



Vladimir Lenin

Tharla dhá éirí amach sa Rúis sa bhliain 1917. Ba é an toradh a bhí ar an dara ceann ná gur tháinig Vladimir Lenin (ar dheis) agus grúpa cumannaithe, ar ar tugadh na Boilséivigh, i gcumhacht. Sa bhliain 1922, thug siad 'an tAontas Sóivéadach' ar an Rúis. Gheall Lenin trí rud do mhuintir na Rúise: (i) arán, (ii) síocháin agus (iii) talamh. Chun síocháin a fháil, shínigh sé Conradh Brest-Litovsk leis na Gearmánaigh chun an Rúis a tharraingt amach as an gCéad Chogadh Domhanda.

Ní raibh gach duine sa Rúis ar thaobh Lenin, áfach, agus bhris cogadh cathartha amach idir na cumannaithe agus na daoine a bhí fós dílis don Sár Nioclás. Níor tháinig deireadh le cogadh cathartha na Rúise go dtí 1922. Bhásaigh Lenin dhá bhliain ina dhiaidh sin, agus d'fhág sé folús cumhachta ina dhiaidh.

Foclóir

- an Sár: *Tsar/Czar*
- Várs: *Warsaw*
- An tAigéan Ciúin: *the Pacific Ocean*
- uilechumhachtach: *all-powerful*
- círéibeacha: *riots*
- na Boilséivigh: *the Bolsheviks*
- Conradh Brest-Litovsk: *the Treaty of Brest-Litovsk*
- folús cumhachta: *power vacuum*

Mar a tháinig Stalin i gcumhacht



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

óráid	doiciméad	dílis
iomaitheoir/iomaitheoirí	tionscal	trócaire
sochraid	tionsclaíocht	

folús cumhachta → tábhacht shochraid Lenin → ag fáil réidh le hiomaitheoirí

Roimh bhás Lenin, ní raibh sé róshoiléir cé a thiocfadh i gcomharbacht air. Sula bhfuair sé bás, scríobh sé doiciméad inar leag sé amach an imní a bhí air maidir leis an méid a tharlódh dá gcuirfí Josef Stalin i gcumhacht. Nuair a bhásaigh Lenin, ba é Stalin Ard-Rúnaí an Pháirtí Chumannaigh. Bhí deis aige, sa phost sin, a bheith i gceannas go praiticiúil nuair a bhí Lenin an-tinn. Chiallaigh sé sin go raibh tuiscint níos fearr ag Stalin ar chúrsaí pleanála ná mar a bhí ag aon duine eile i gceannasaíocht an pháirtí.

Foclóir

cé a thiocfadh i gcomharbacht ar X: *who would take over from X*
ceannasaíocht an pháirtí: *party leadership*
Ard-Rúnaí an Pháirtí Chumannaigh: *Secretary General of the Communist Party*

Chuir Stalin é féin i gceannas ar shochraid Lenin agus rinne sé féin an phríomhóráid ag an tsochraid. San óráid sin, lig sé air go raibh sé i bhfad níos cairdiúla le Lenin ná mar a bhí i ndáiríre.


Joseph Stalin

Ag fáil réidh le hiomaitheoirí: Bhí ceathrar eile sa pháirtí a raibh de chumas iontu ceannas a ghlacadh ar an Rúis: (i) Trotsky, (ii) Bukharin, (iii) Kamenev agus (iv) Zinoviev. Thóg Stalin trí chéim chun fáil réidh leo:

1. Chun fáil réidh le Trotsky, thug Stalin an dáta mícheart le haghaidh shochraid Lenin dó. Toisc nach raibh Trotsky i láthair ag an tsochraid, bhí an chuma ar an scéal nach raibh sé dílis do Lenin. Thaobhaigh Stalin le Kamenev agus Zinoviev chun fáil réidh le Trotsky.
2. Thaobhaigh Stalin le Bukharin chun fáil réidh le Kamenev agus Zinoviev, beirt a bhí ag iarraidh an tionsclaíocht a bhrú chun tosaigh. Dúirt Stalin agus Bukharin nach raibh a leithéid de phlean dílis do phleananna Lenin. Caitheadh Kamenev agus Zinoviev amach as an bpáirtí mar thoradh air sin.
3. Tháinig athrú intinne ar Stalin ansin maidir leis an tionsclaíocht agus dá bharr sin, dúirt sé nach raibh Bukharin dílis dó mar cheannaire páirtí.

An Ceannaire Nua: Faoin mbliain 1928, ceithre bliana i ndiaidh bhás Lenin, bhí Stalin go huile is go hiomlán i gceannas ar an bPáirtí Cumannach. Bhí an oiread sin cumhachta aige go raibh sé cosúil leis na Sáir, a rialaigh le lámh láidir, gan trócaire.

An Eacnamaíocht faoi Stalin



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

talmhaíocht	ceimic	tuathánach / tuathánaigh
tionsclaíocht	ceimiceán/ceimiceáin	córas iompar poiblí
tionscal trom	an tSibéir	campa oibre

Téarmaí a bhain leis an Rúis

Comhsheilbhíocht: úinéireacht an stáit ar fheirmeacha beaga a tharraing siad le chéile.

Kulak: tuathánach saibhir

Gulag: campa oibre éigeantais

Purgú: Ag glanadh amach naimhde ón bpáirtí.

Seóthrialacha: Triail i gcúirt dlí sa Rúis inar socraíodh an breithiúnas roimh ré. D'eagraigh Stalin seótrialacha dá chuid iomaitheoirí, inar socraíodh roimh na trialacha go raibh siad ciontach.

Forbairtí sa talmhaíocht: D'aithin Stalin gur ghá leasú a dhéanamh ar chúrsaí talmhaíochta agus ar chúrsaí tionsclaíochta. Ba é comhsheilbhíocht an réiteach a bhí ar chúrsaí talmhaíochta. Is éard a bhí i gceist leis sin ná gur cuireadh feirmeacha beaga le chéile faoi úinéireacht an stáit. Chuir a leithéid de phlean fearg mhór ar na tuathánaigh shaibhre – na Kulakí – nach raibh ag iarraidh go gcaillfidís a dtalamh. Cuireadh na Kulakí go dtí na campaí oibre, gulag, sa tSibéir, mar nach raibh siad sásta dul ag obair ar an talamh a tógadh uathu. De bharr na comhsheilbhíochta, tharla gorta. Fuair suas le 8 milliún duine bás ón ngorta idir 1932 agus 1934, 4 mhilliún díobh san Úcráin.

Focláir

comhsheilbhíocht, úinéireacht an stáit ar fheirmeacha: ***collectivisation***

na Kulakí, grúpa tuathánaigh shaibhre: ***rich peasants***

gulag, campa oibre éigeantais: ***forced labour camp***

nuachóiriú: ***modernisation***

táirgeadh cruach: ***steel production***

aschur: ***output***

ciontach: **guilty**

luach 100 bliain de dhul chun cinn: ***100 years of progression***

Faoi 1936, bhí 90% de thalamh na Rúise faoi úinéireacht an stáit.


comhsheilbhíocht → briseadh na Kulakí → pleananna cúig bliana



Póstaer a d'eisigh an rialtas cumannach ag gearán faoi chumhacht na Kulakí.

Forbairtí sa tionsclaíocht: D'fhorbair Stalin pleananna cúig bliana chun nuachóiriú a dhéanamh ar an tionsclaíocht. Theastaigh uaidh luach 100 bliain de dhul chun cinn a bhaint amach in 10 mbliana. Theastaigh uaidh tír nua-aimseartha a dhéanamh den Aontas Sóivéadach.

Na pleananna 5 bliana

	An Chéad Phlean	An Dara Plean	An Tríú Plean
An aidhm	Cur leis an tionscal trom.	Cur leis an tionscal trom. An córas iompar poiblí a fheabhsú	An tír a ullmhú don chéad chogadh mór eile.
Ar oibrigh sé?	D'oibrigh go pointe. Aschur dúbailte maidir le gual agus ola. Méadú 33% ar tháirgeadh cruach. 	D'oibrigh go pointe. Spriocanna níos réadúla. Tógadh Metro Mhoscó. Tháinig feabhas ar thionscal na gceimiceán. 	D'oibrigh go pointe. Bunaíodh naoi gcinn de mhonarchana eitleán. D'éirigh leo cuid mhaith den dul chun cinn a chur i gcrích ar an taobh thoir de Shléibhte na hÚraile – chomh fada ón nGearmáin agus ab fhéidir.
Cad iad na gnéithe nár oibrigh?	Ní raibh na hearraí a rinneadh ar ardchaighdeán. Tharla titim mhór ar an gcaighdeán maireachtála.	Níor tháinig feabhas ar an gcaighdeán maireachtála.	Tugadh 'fealltóirí' ar oibrithe nár oibrigh dian go leor agus nár bhain a gcuid spriocanna amach. Gabhadh cuid acu.

Cé chomh héifeachtach agus a bhí na pleananna cúig bliana?

Bhí na pleananna cúig bliana an-éifeachtach chun tír nua-aimseartha a dhéanamh den Aontas Sóivéadach. Faoi 1940, ba í an Rúis an dara tír ba mhó tionscal ar domhan, tar éis Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tháinig deireadh leis an dífhostaíocht, cuireadh bia ar fáil ar phraghas réasúnta i gceaintíní na monarchana, agus bhí sé níos éasca earraí a bhogadh timpeall na tíre mar thoradh ar an bhfeabhas ar an gcóras iompar poiblí. Ag an am céanna, áfach, níor éirigh chomh maith agus ab fhéidir leis na pleananna mar thoradh ar na purguithe a chothaigh imní agus easpa muiníne i measc an phobail. B'éigean d'oibrithe saothrú ar feadh uaireanta ní b'fhaide ar phá ní b'ísle. Cuireadh brú ar oibrithe níos mó oibre a dhéanamh agus rinneadh an dul chun cinn mar gheall ar phríosúnaigh a d'oibrigh mar a bheadh sclábhaithe iontu. Fuair a lán príosúnach bás mar gheall air seo.



Stáisiún i Metro Moscó a tógadh mar chuid de na pleananna cúig bliana.

Foclóir

taobh thoir de Shléibhte na hÚraile: ***east of the Ural mountains***
fealltóir: traitor
gabhadh cuid acu: ***some of them were arrested***
ba mhó tionscal: ***most industrialised***

Sceimhle faoi Riail Stalin



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

paranóideach	seó	an tArm Dearg
stát póilíneach	triail	ceannaire
póilíní rúnda	seóthrialacha	sceimhle

Sa tóir ar naimhde: Faoin mbliain 1934, bhí Stalin ag éirí fíorpharanóideach go ndéanfadh duine éigin taobh istigh den pháirtí iarracht fáil réidh leis, ar an mbealach céanna a bhfuair sé réidh le Trotsky tar éis bhás Lenin. D'fhéach sé ar dhaoine ar nós Trotsky mar naimhde. Rinne sé nuachóiriú ar na póilíní rúnda a bunaíodh in aimsir Lenin – an Cheka – agus tugadh ainm nua orthu – NKVD. Cuireadh iad i gceannas ar na campaí oibre (gulag) sa tSibéir.

marú Kirov → seóthrialacha → purgú san Arm Dearg

Marú Kirov agus Tús na bPurguithe: Sa bhliain chéanna, maraíodh Sergei Kirov, duine tábhachtach sa Pháirtí Cumannach. Spreag marú Kirov Stalin chun purgú (glanadh amach) a dhéanamh sa Pháirtí Cumannach. Rinneadh an purgú sna seóthrialacha a eagraíodh idir 1936 agus 1938. Cuireadh cuid mhaith ceannairí seanbhunaithe ón bpáirtí Cumannach chun báis. Tugadh 'Seóthrialacha' orthu mar cé gur thrialacha iad a tharla i dteach cúirte, ba chosúil le seó iad. Bhí a fhios ag an bpobal go bhfaighfí ciontach ceannairí an pháirtí Chumannaigh, ba chuma cén fhianaise a thabharfaí. B'in an toradh a bhí ag teastáil ó Stalin. Ba thrialacha poiblí iad agus scríobh iriseoirí fúthu sna nuachtáin agus rinneadh scannánú orthu don phobal chomh maith. D'úsáid an NKVD modhanna céasta chun 'admhálacha' a fháil.

Foclóir

- **sa tóir ar:** *pursuing*
- **seanbhunaithe:** *long-established*
- **nuachóiriú:** *updating, modernisation*
- **An tArm Dearg, Arm na Rúise, dearg do na cumannaithe**
- **cuóta/cuótaí:** *quota(s)*
- **purgú, glanadh amach naimhde ón bpáirtí:** *purging*
- **líon na ngabhálacha:** *the number of arrests*
- **Cosacaigh:** *Cossacks*
- **Seisniagh:** *Chechnyans*
- **Mongólaigh:** *Mongolians*
- **an Sceimhle Mór:** *the Great Terror*

Scaip an eagla i measc na ngnáthdhaoine freisin. Tugadh cuótaí don NKVD – líon na ndaoine a bheadh orthu a ghabháil a bhí i gceist le cuóta. Bheartaigh Stalin nach raibh go leor daoine á ngabháil ag ceannaire an NKVD, Genrikh Yagoda. Cuireadh fear nua ina phost, Nikolai Yezhov, a mhéadaigh líon na ngabhálacha in ainneoin easpa fianaise in go leor cásanna.

Dhírigh Stalin ar mhionlaigh freisin, amhail na Cosacaigh, na Seisniagh agus na Mongólaigh. Cuireadh go dtí an tSibéir iad.

Tugadh 'An Sceimhle Mór' ar an am seo i stair an Aontais Shóivéadaigh.

Tionchar na bpurguithe ar an Arm Dearg: Chomh maith leis sin, rinneadh purgú ar an Arm Dearg agus maraíodh 30,000 oifigeach mar thoradh air. D'fhág sé sin an tArm an-lag ag tús an Dara Cogadh Domhanda, toisc gur cuireadh scoth na gceannairí a raibh taithí mhíleata acu ón gCéad Chogadh Domhanda chun báis.

Cad a dúirt Stalin féin faoi na purguithe?

Níor ghlac Stalin freagracht ar bith maidir lenar tharla sna purguithe – thug sé Yezhovshchina (an t-am a bhí Yezhov i gceannas ar an NKVD) ar na blianta sin, agus é ag cur an mhilleáin ar Yezhov. Bhí sé éasca go leor é sin a dhéanamh toisc go raibh Yezhov i measc na ndaoine a maraíodh sna purguithe!

Foclóir

scoth na gceannairí: ***the best of the leaders***
a raibh taithí mhíleata acu: ***who had military experience***
níor ghlac sé freagracht: ***he didn't take responsibility***

Gulag

Ba champaí oibre san Aontas Sóivéadach iad Gulag. Bhí cuid acu suite sa tSibéir, áit a raibh an teocht faoi bhun an reophointe ar feadh sé mhí ar a laghad gach bliain. Níor tugadh éadaí cearta, ná níor tugadh go leor bia, do na príosúnaigh sna gulag. Bhí siad ann chun obair a dhéanamh go dtí go bhfuair siad bás. Leag siad coillte chun iarnróid, bóithre agus canálacha a thógáil.

Bhí na Gulag ba mhó le fáil i Kolyma, ceantar sa tSibéir atá 6 oiread níos mó ná an Fhrainc. Sa lá atá inniu ann, tugtar 'Bóthar na gCnámh' ar an mótarbhealach ann. Thóg príosúnaigh ó na Gulag an mótarbhealach agus cuireadh coirp na bpríosúnach faoi.



Léarscáil de na gulag trasna an Aontais Shóivéadaigh.



Fothraigh foirgneamh an champa oibre Chukotka i gceantar na gulag sa tSibéir. Idir 1946 agus 1951, thóg na príosúnaigh mótarbhealach Egvekinot-Iultin ann.

Saol na mBan faoi Stalin

Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

ráta breithe	col ceathrar	milleadh	bonn
naíonra	colscaradh	gin	laoch
lucht oibre	cosc	ginmhilleadh	cánacha
teoranta	sochaí	frithghiniúint	

céim ar gcúl → ról lárnach na máithreacha → saol na hoibre

Cúlra: Faoi Lenin, fuair mná ceart vótála agus spreagadh iad chun deiseanna oideachais agus deiseanna oibre lasmuigh den bhaile a thapú. Bhí níos mó ban sa lucht oibre san Aontas Sóivéadach ná mar a bhí in iarthar na hEorpa, agus bunaíodh naíonraí chun aire a thabhairt do pháistí.

Ag cothú glúin nua: Bhí daonra mór ag teastáil ó Stalin le go mbeadh arm agus fórsa mór oibre aige. Dá bhrí sin, bhí ráta ard breithe uaidh. Sa bhliain 1936, cuireadh cosc ar fhrithghiniúint agus ar ghinmhilleadh. D'éirigh sé níos deacra colscaradh a fháil. Bhí an chuma ar an scéal anois go rabhthas ag filleadh ar an gcóras seanbhunaithe sa Rúis ina raibh ról teoranta ag mná sa tsochaí.

Foclóir

Deiseanna oideachais agus oibre lasmuigh den bhaile a thapú: ***to seize educational and work opportunities outside the home***

Mná mar laochra? Bronnadh bonn rialtais ar mhná a raibh cúigear páistí acu. Aithníodh mná, a raibh deichniúr páistí acu ina laochra. Ó 1944 ar aghaidh, gearradh cánacha níos airde ar aon teaghlach a raibh beirt pháistí nó níos lú iontu.

Ag dul i bhfeabhas? Ar an iomlán, áfach, níor tháinig feabhas ar shaol na mban faoi riail Stalin, toisc go rabhthas ag súil go mbeidís ina máithreacha maithe agus ina n-oibrithe dílse araon. Níor tháinig mná chun tosaigh i gceannaireacht an pháirtí mar a tharla faoi Lenin, ach d'éirigh sé i bhfad níos éasca ar mhná oideachas tríú leibhéal a fháil.



Alexandra Kollontai, duine de na mná ba thábhachtaí sa Pháirtí Cumannach in aimsir Lenin. D'éirigh léi teacht slán ó na purguithe toisc go raibh sí ag obair in Ambasáid na Rúise sa tSualainn faoin am sin.

Cúrsaí Oideachais agus Saol na nÓg



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

tionscnamh	athscríobh	sceith
éigeantach	beathaisnéis	dílseacht

rátaí litearthachta ag ardú → dílseacht tríd an gcúrsa scoile → eagraíochtaí na n-óg

Foclóir

cur chuige tionscnamhbhunaithe: *project-based learning*
na Ceannródaithe Óga: *the Young Pioneers*
le teann míshástachta: *they were so unhappy with him*

Athruithe sa Chóras Oideachais: Chuir Stalin ord agus eagar ar chóras oideachais na Rúise. Fuair sé réidh leis an gcur chuige 'tionscnamhbhunaithe' a bhí in úsáid agus Lenin i réim. Bhí sé éigeantach freastal ar an scoil go dtí go raibh scoláirí 15 bliana d'aois. Faoin mbliain 1950 san Aontas Sóivéadach, ní raibh aon pháiste ocht mbliana d'aois gan léamh, gan scríobh.

Athruithe i gcúrsaí scoile: Athscríobhadh na téacsleabhair staire chun béim níos mó a chur ar an ról a bhí ag Stalin sa Pháirtí Cumannach roimh bhás Lenin. Bhí ar gach páiste staidéar a dhéanamh ar bheathaisnéis Stalin agus ar stair an Pháirtí Chumannaigh ar scoil.

Grúpaí don aos óg: Cothaíodh dílseacht do Stalin taobh amuigh den seomra ranga freisin sna grúpaí a bunaíodh do pháistí. An dá cheann ba thábhachtaí a bhí ann ná (i) na Ceannródaithe Óga do pháistí faoi 14 bliana agus (ii) an Komsomol do dhaoine idir 14 agus 28 bliana d'aois. D'fhoghlaim siad faoi Morozov, buachaill óg a sceith ar a thuismitheoirí nuair a bhí siad ag cabhrú leis na Kulakí. Mharaigh a theaghlach é le teann míshástachta.



Suaitheantas na gCeannródaithe Óga. Tabhair faoi deara gur aghaidh Lenin a bhí air, ní aghaidh Stalin!

Bolscaireacht faoi Stalin



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

leasainm	cinsireacht	ceoldráma	cultas
ealaín/ealaíona	dán molta	aerscuabadh	cultas pearsan

cultas pearsan → cinsireacht → aerscuabadh → scannánaíocht

Cultas pearsan Stalin: Forbraíodh cultas mór pearsan timpeall ar Stalin. Leag an cultas pearsan béim ar Stalin mar fhear mór pleanála agus mar chara mór le Lenin. Tugadh 'saoi uilíoch', 'garraíodóir an tsonais dhaonna' agus 'Vozhd' (an laoch mór) ar Stalin. Bhí grianghraif agus pictiúir de Stalin, go háirithe le páistí óga, le feiceáil gach áit. Thug na Meiriceánaigh 'Uncle Joe' air dá bharr sin. Bhí béim thar cuimse ar phictiúir de Stalin, mar nár chainteoir maith é. Ba é Ioseb Dzhugashvili ainm breithe Stalin. Ó 1913 ar aghaidh, thug sé 'Stalin' air féin, ainm a chiallaíonn 'fear cruach'. Tugadh logainmneacha nua ar chathracha freisin, mar shampla Stalingrad ar Volgograd agus Leningrad ar Chathair Pheadair.





1952: Dhá ghrianghraf ón Aontas Sóivéadach a bhfuil pictiúir mhóra de Stalin le feiceáil iontu.

Ról na cinsireachta sna healaíona: Bhí ar ealaíontóirí a rinne saothair nua ealaíne cloí le téama ar ar tugadh an réalachas sóisialach. Faoin téama sin, cuireadh béim mhór ar dhathanna geala agus ar shaol idéalach na n-oibrithe. Tharla cinsireacht sa cheol freisin. Cuireadh cosc ar shaothair mhóra, m.sh. ceoldrámaí (opera) le Dmitri Shostakovich a léirigh meon diúltach faoin saol a bhí ag na tuathánaigh. Díbríodh an file cáiliúil, Osip Mandelstam, go dtí an tSibéir nuair a tháinig sé chun solais gur ag magadh faoi Stalin a bhí sé i ndán a ceapadh a bheith moltach.



Pictiúr sa stíl réalachas sóisialach, stíl inar leagadh béim ar dhá mhórthéama: 1. crógacht na gCumannach in aimsir na réabhlóide agus 2. saol idéalach na n-oibrithe mar a bhí acu anois. Cén téama atá á léiriú anseo an gceapann tú?



Dmitri Shostakovich

Foclóir

béim thar cuimse: ***huge emphasis***
cultas pearsan, ba mholadh agus adhradh iomarcach é sin ar dhuine a raibh ról poiblí aige sa sochaí: ***cult of personality***
saoi uilíoch, ginias ar fud an domhain: ***universal genius***
garraíodóir an tsonais dhaonna: ***gardener of human happiness***
Cathair Pheadair: ***St. Petersburg***
fear an chruaich: ***man of steel***
saothar: ***piece of work***
an réalachas sóisialach: ***socialist realism***
a ceapadh a bheith moltach: ***was thought to be flattering***
scannán cogaidh: ***war film***

Athscríobh na staire: Rinneadh aerscuabadh ar roinnt grianghraif cháiliúla, mar shampla grianghraf ina bhfuil Lenin ag tabhairt óráide, agus Trotsky le feiceáil sa chúinne. Tamall ina dhiaidh sin, foilsíodh leagan nua den íomhá chéanna nach raibh Trotsky le feiceáil ann. Bhí dearmad á dhéanamh ag daoine ar naimhde Stalin mar thoradh air sin.



Nikolai Yezhov le Stalin taobh le Cánáil Mhoscó Volga Dam i mí Aibreáin 1937. Tá Stalin sa lár, Yezhov ar dheis agus Molotov ar chlé. Mhéadaigh Yezhov, ceannaire an NKVD, an líon daoine a gabhadh i rith na bpurguithe.



An pictiúr céanna agus Yezhov aerscuabtha as. In 1940, cuireadh Yezhov chun báis. Dúradh go raibh sé mídhílis do Stalin mar gheall ar an líon ard daoine a maraíodh i rith na bpurguithe.

Ról na scannánaíochta: Chreid Stalin i gcumhacht na scannánaíochta mar bhealach chun dílseacht an phobail a spreagadh. Sa bhliain 1938, tháinig scannán cogaidh 'Alexander Nevsky' amach, bunaithe ar an gcoimhlint idir na Rúisigh agus na Gearmánaigh sa Mheánaois. Rinne Eisenstein, stiúrthóir an scannáin, comparáid idir Nevsky (prionsa sa 13ú haois) agus Stalin, mar fhir láidre a raibh sé de mhisneach acu seasamh suas i gcoinne fhórsaí na Gearmáine. Ceaptar go bhfaca níos mó ná 20 milliún Rúiseach an scannán sa phictiúrlann nuair a tháinig sé amach.

Stalin agus na Mionlaigh



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

Giúdach/Giúdaigh	Moslamach/Moslamaigh	Fionlannach/Fionlannaigh
fásach	taobh	an tSeapáin
oideachas	taobhaigh	Seapánaigh

dúchasú → díbirt → Rúisiú

Dúchasú: Bhí an-chuid grúpaí eitneacha agus reiligiúnacha éagsúla san Aontas Sóivéadach, m.sh. Giúdaigh, Moslamaigh, Gearmánaigh, Úcránaigh agus Fionlannaigh. Bhain Stalin féin le mionlach, na Seoirsigh, mar ba as an tSeoirsia dó. I mblianta luatha réimeas Stalin, fuair na grúpaí sin tuilleadh ceart. Féachadh orthu mar leathbhádóirí sa troid ar son an chumannachais. Cuireadh oideachas ar fáil ina dteangacha dúchais agus moladh do mhionlaigh nuachtáin agus irisí a bhunú ina dteanga féin. Scríobhadh leabhair do pháistí inar tugadh deis dóibh aithne a chur ar na háiteanna ab iargúlta den Aontas Sóivéadach, mar shampla an Úisbéiceastáin, áit a raibh fásach, camaill agus moscanna. Tháinig athrú iomlán ar an nós tacaíocht a thabhairt do mhionlaigh le teacht ré na bpurguithe, áfach.

Foclóir

dúchasú, ligean do dhaoine ón iasacht a gcultúr féin a chleachtadh: *indigenization*
na Seoirsigh, daoine as an tSeoirsia: *the Georgians*
díbirt: *deportation*
an Chasacstáin: *Kazakhstan*
Cóiréach, duine as an gCóiré: *Korean person*
leathbhádóirí: *comrades*
ab iargúlta: *most isolated*
an Úisbéiceastáin: *Uzbekistan*
díbirtí: *expulsions*
a gcultúr a thréigean: *to abandon their culture*
Rúisiú: *Russification*

Ré na nDíbirtí: An imní ba mhó a bhí ar Stalin agus na purguithe ar siúl, ná go mbeadh comhoibriú idir mionlaigh (taobh istigh den Aontas) agus naimhde an Aontais, dá mbrisfeadh cogadh amach. Mar gheall air sin, chuir sé na Gearmánaigh, a raibh cónaí orthu in aice na Volga, go dtí an Chasacstáin. Cuireadh brú mór orthu ansin a gcultúr dúchais a thréigean agus tiontú ar chultúr na Rúise. Tugtar Rúisiú air sin.



Leathanaigh shamplacha ó cheann de na leabhair faoi na mionlaigh.



Jamala, amhránaí ón Úcráin a bhuaigh an comórtas amhránaíochta Eoraifíse sa bhliain 2016 le hamhrán faoi dhíbirt a muintire in aimsir Stalin.

An Ghearmáin faoi Hitler

An Ghearmáin idir an Chéad Chogadh Domhanda agus Aimsir Hitler




Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

impire	cúiteamh	coirpeach/coirpigh	meas
síocháin	milleán	mí na Samhna	dímheas
conradh síochána	poblacht	Coirpigh na Samhna	téarma dímheasa

Ó impireacht go poblacht: Ag deireadh an Chéad Chogadh Domhanda, d'éirigh an tImpire Wilhelm II as a phost sa Ghearmáin agus fógraíodh poblacht ann. Tugtar Poblacht Weimar uirthi toisc go raibh príomhchathair na poblachta lonnaithe in Weimar, ní i mBeirlín.

Ag deireadh an chogaidh fosta, bhí fearg ollmhór ar chosmhuintir na Gearmáine mar thoradh ar choinníollacha an chonartha síochána a síníodh. De bharr Chonradh Versailles, chaill an Ghearmáin cuid mhaith talún, bhí uirthi glacadh leis gur ar an nGearmáin a bhí an milleán as an gcogadh agus, níos measa ná sin, bhí orthu cúiteamh a íoc leis an mBreatain agus leis an bhFrainc. Tugadh 'Coirpigh



An talamh a chaill an Ghearmáin mar chuid de Chonradh Versailles.

na Samhna', téarma dímheasúil, ar an rialtas toisc gur ghlac siad le téarmaí Chonradh Versailles. Ón tús, bhí an-chuid Gearmánach ag iarraidh fáil réidh le Poblacht Weimar agus rialtas eile a chur isteach ina háit. Is sa chomhthéacs sin a tháinig Adolf Hitler, iar-shaighdiúir, chun cinn den chéad uair.

Teacht i gCumhacht Hitler



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

oibrí/oibrithe	fostaíocht	Naitsí/Naitsithe	rialtas
Páirtí na nOibrithe	dífhostaíocht	lucht leanúna	comhrialtas
Léinte Donna	cathaoirleach	deachtóir	Uachtarán

Ó Shaighdiúir go Príosúnach: Fágadh Hitler gan phost ag deireadh an Chéad Chogadh Domhanda, rud a chiallaigh go raibh sé míshásta le Poblacht Weimar ón gcéad lá. Chuaigh sé isteach i bPáirtí na nOibrithe agus níorbh fhada go raibh sé ina chathaoirleach ar an bpáirtí. D'athraigh sé ainm an pháirtí go Páirtí Náisiúnta Oibrithe na Gearmáine (Nationalsozialistische Deutsche Arbeiterpartei) agus níorbh fhada go raibh an leasainm Naitsithe ar lucht leanúna an pháirtí. Tháinig ardú ollmhór ar phraghsanna sa bhliain 1923 agus i measc na dtorthaí a bhí air sin, d'eagraigh Hitler éirí amach i gcathair München i ndeisceart na Gearmáine. Gearradh téarma príosúnachta cúig bliana air as an ról a bhí aige san éirí amach sin. Tugtar Putsch an Halla Leanna ar an éirí amach.

Foclóir

Putsch an Halla Leanna, iarracht fáil réidh leis an rialtas: ***the Beer Hall Putsch***
Páirtí Náisiúnta Oibrithe na Gearmáine: ***the National German Workers' Party***
München: ***Munich***
streachailt, troid: ***battle***
cuireadh lena chás: ***he was supported***
slógaí: ***rallies***
thit an tóin as eacnamaíocht na Gearmáine: ***the German economy collapsed***
cliseadh Wall Stret: ***the Wall Street Crash***
i gcumas na bpáirtithe seanbhunaithe: ***in the ability of the established parties***
Seansailéir, an teideal atá ar cheannaire an rialtais sa Ghearmáin: ***chancellor***

Ón bPríosún go dtí an Pharlaimint: Le linn dó a bheith i bpríosún, scríobh Hitler an leabhar 'Mein Kampf' (Mo Streachailt) inar leag sé amach na smaointe a bhí aige faoi fhadhbanna na Gearmáine, a raibh na Giúdaigh, dar leis, taobh thiar díobh. Níor chaith Hitler ach sé mhí sa phríosún, ach ní raibh cead aige labhairt go poiblí go dtí 1927. Fuair Hitler inspioráid ó Mussolini na hIodáile agus bhunaigh sé grúpa dá lucht leanúna, an SS. Ba ghrúpa paraimíleata iad. Tugadh na Léinte Donna ar an SA, grúpa eile de chuid Hitler, mar gheall ar na héadaí a chaith siad. B'iarshaighdiúirí iad cuid mhaith de bhaill na Léinte Donna. Bhí siad dífhostaithe tar éis an Chéad Chogadh Domhanda. D'eagraigh Hitler slógaí mórthimpeall na Gearmáine chun é féin, agus a chuid smaointe, a chur chun cinn.

Cuireadh go mór lena chás nuair a thit an tóin as eacnamaíocht na Gearmáine tar éis Chliseadh Wall Street sa bhliain 1929. Bhí 6 mhilliún Gearmánach dífhostaithe sa bhliain 1933. Chaill



Adolf Hitler leis na Léinte Donna go luath sna 1930dí.

siad a muinín i gcumas na bpáirtithe seanbhunaithe fadhbanna na tíre a réiteach. Idir 1928 agus 1930, d'ardaigh céatadán na ndaoine a chaith vóta do na Naitsithe ó 2.6% go 18.3%. D'fhág sé sin gurbh iad an dara páirtí ba mhó sa Reichstag (parlaimint) iad.

Ó Sheansailéir go Deachtóir: Nuair a chuir cumannaí an Reichstag trí thine, dúirt Hitler gur ghá a chumhachtaí féin a mhéadú. Dúirt sé gur chuid de phlota cumannach a bhí taobh thiar de dhó an Reichstag. Rith Hitler an tAcht Údaraithe. Lig an t-acht sin dó rialú ar feadh ceithre bliana gan ionchur ón bparlaimint. Chiallaigh sé sin go raibh sé in ann a rogha rud a dhéanamh. Nuair a fuair an tUachtarán Hindenburg bás, nasc Hitler ról an uachtaráin agus a ról féin, ról an tSeansailéara, le chéile. Bhí teideal nua aige – der Führer – an Ceannaire, agus cumhacht gan srian aige sa Ghearmáin.



Hitler ag fuinneog Cheanncheathrú an Rialtais. Tugadh bualadh bos dó nuair a ceapadh ina Sheansailéir é. 30 Eanáir 1933.



Hitler, nuathofa ina sheansailéir, ag bualadh leis an Uachtarán.



An Reichstag agus a chruinneachán trí thine in 1933.

An Reichstag agus a cruinneachán déanta as gloine inniu mar mheabhrú ar an méid a tharla ann in 1933.



An Eacnamaíocht faoi Hitler



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

ceird	stailc	rubair
cumann	bealach	cruach
ceardchumann	mótarbhealach	armáil
scéimeanna oibre poiblí	mótarthionscal	atharmáil

ceithre chéim chun dífhostaíocht a laghdú → cánacha níos ísle → deiseanna níos fearr trí Ghiúdaigh a bhriseadh as a bpoist

Dúshlán na Dífhostaíochta: Nuair a tháinig Hitler i gcumhacht, bhí timpeall 6 mhilliún duine dífhostaithe sa Ghearmáin. Faoin am a bhris an Dara Cogadh Domhanda amach in 1939, bhí post ag gach duine a bhí ag iarraidh oibre. Thóg Hitler ceithre chéim mhóra chun lánfhostaíocht a bhaint amach:

1. Cruthaíodh scéimeanna oibre poiblí chun mótarbhealaí móra (*Autobahnen*), iarnróid, scoileanna, ospidéil agus an Staid Oilimpeach i mBeirlín a thógáil.
2. Cuireadh Plean Ceithre Bliana i bhfeidhm sa bhliain 1936 le cinntiú go mbeadh go leor ola, cruaiche agus rubair ag an tír.
3. Cuireadh tús le hatharmáil chun an Ghearmáin a ullmhú don chéad chogadh eile.
4. Cuireadh coinscríobh i bhfeidhm in 1935 agus faoi 1939 bhí milliún fear in arm na Gearmáine.

Forbairtí eile: Theastaigh ó Hitler go mbeadh gluaisteán ag gach Gearmánach. Rinneadh forbairt ar an mótarthionscal agus rinneadh gluaisteán nua, an Volkswagen, (Volk = daoine, Wagen = gluaisteán) a bhí saor go leor don ghnáthdhuine. Moladh d'oibrithe stampaí a cheannach (mar bhealach chun airgead a shábháil) chun Volkswagen a cheannach níos déanaí. Ní bhfuair oibrithe na gluaisteáin áfach. Chomh maith leis sin, ghearr Hitler siar ar chánacha ionas go mbeadh níos mó airgid le caitheamh ag daoine. Chaith an gnáthdhuine airgead ar earraí a bhí uathu.



Hitler ag féachaint ar an gcéad dearadh den Volkswagen in 1934.

Cuireadh an oiread sin srianta ar Ghiúdaigh post a fháil gur líon Gearmánaigh poist ina mbíodh Giúdaigh roimhe sin.



Volkswagen

An Saol do na hOibrithe: Chuir Hitler cosc ar cheardchumainn agus ar stailceanna. Bhí ar oibrithe a bheith ina mbaill de *Kraft durch Freude* (neart trí áthas). Chruthaigh na Naitsithe an eagraíocht chun oibrithe a shásamh trí laethanta saoire, ceolchoirmeacha agus imeachtaí spóirt a eagrú dóibh. D'fhan an ráta pá mar an gcéanna cé gur ardaigh costas bia agus breosla fad a bhí na Naitsithe i gcumhacht. D'oibrigh oibrithe ar feadh uaireanta ní b'fhaide ar phá ní b'ísle.

Foclóir

Fógraíodh: *it was declared*
Oíche na Sceana Fada: *the Night of the Long Knives*

Sceimhle faoi Hitler



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

cumas	dleathach	mídhleathach	gabháil
míchumas	duine aerach	cinsireacht	cruinnithe
milleán	campa géibhinn	eagraíocht	póilíní



Hitler le Röhm in 1933.

Hitler agus na Cumannaithe: Bhí an ghráin ag Hitler (i) ar na Giúdaigh, (ii) ar dhaoine a raibh míchumas orthu, (iii) ar Chumannaithe agus (iv) ar dhaoine aeracha. Dhírigh sé ar na Cumannaithe ar dtús. Fuair sé deis cosc a chur ar an bPáirtí Cumannach nuair a cuireadh an Reichstag (teach na parlaiminte) trí thine. Cuireadh an milleán ar chumannaí ón Ísiltír. Fógraíodh go gairid ina dhiaidh sin gur eagraíocht mhídhleathach a bhí sa Pháirtí Cumannach.

An SA, an SS agus an Gestapo: Thacaigh dhá ghrúpa le Hitler ionsaithe a dhéanamh ar na Cumannaithe – an SA (na Léinte Donna) agus an SS (grúpa cosanta). Chomh maith leis sin, chosain siad cruinnithe na Naitsithe. Tar éis don Acht Údaraithe teacht i bhfeidhm chruthaigh Hitler grúpa nua póilíní – an Gestapo. Póilíní rúnda a bhí iontu agus choimeád siad súil ghéar ar an bpobal. Léigh siad litreacha príobháideacha daoine agus d'fhéadfaidís daoine a ghabháil gan cúis a thabhairt.

Ní hamháin gur úsáid Hitler sceimhle i gcoinne a naimhde, d'úsáid sé sceimhle lena lucht leanúna freisin. Ba é Ernst Röhm an dara ceannaire Naitsíoch ba chumhachtaí. Ba cheannaire na Léinte Donna é Röhm agus cheap sé gur cheart go mbeadh na Léinte Donna ina arm náisiúnta don Ghearmáin. D'éirigh Hitler buartha go raibh an iomarca cumhachta ag Röhm agus na Léinte Donna. In 1934, d'ordaigh sé don SS ceannairí an SA a ghabháil agus a mharú in oíche amháin. Tugaimid Oíche na Sceana Fada ar an oíche sin. Bhí an t-arm sásta go raibh ceannairí na Léinte Donna imithe agus bhí an SA dílis do Hitler ina dhiaidh sin.

Ról na cinsireachta: Cuireadh cinsireacht i bhfeidhm ar nuachtáin agus ar na meáin ionas nach mbeadh ach eolas teoranta ag na gnáthdhaoine maidir leis an méid a bhí ag tarlú sa tír.

Na campaí géibhinn: Ó 1933 amach, cuireadh naimhde Hitler sna campaí géibhinn. An chéad champa géibhinn a bunaíodh ná Dachau in aice le München. B'áiteanna iad na campaí géibhinn inar cuireadh daoine, i gcoinne a dtola, chun a bheith ag obair gan phá. Le himeacht ama, athraíodh ina gcampaí báis iad mar thoradh ar pholasaí nua – an Réiteach Deireanach.



An bealach isteach chuig campa géibhinn Dachau.

Foclóir

i gcoinne a dtola: *against their will*
an Réiteach Deireanach: *the Final Solution*
na meáin: *the media*
eolas teoranta: *limited information*

Bolscaireacht faoi na Naitsithe

Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

cumasach, níos cumasaí	scannánaíocht	snagcheol
na meáin	amharclannaíocht	bonn
callairí	na Cluichí Oilimpeacha	bolscaireacht

Foclóir

chuir sé iallach ar X: *he forced X*
Volksempfänger: *the Peoples' Receiver*
entartete Musik, ceol mímhórálta, míchéadfach: *degenerate music*

Smacht ar na meáin: Thuig Hitler an tábhacht a bhain leis an mbolscaireacht mar bhealach chun muintir na Gearmáine a choimeád ar a thaobh. Níor éirigh leis na rialtais i bPoblacht Weimar é sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, thug sé post don fhear ba chumasaí a bhí i measc a lucht leanúna, Joseph Goebbels. Bhí Goebbels i gceannas ar an mbolscaireacht. Fuair sé smacht ar na meáin chlóite, ar an raidió, ar an amharclannaíocht agus ar an scannánaíocht.



Joseph Goebbels



Deirtear ar an bpóstaer: Cloiseann an Ghearmáin ar fad an ceannaire tríd an Volksempfänger.

Guth an Cheannaire: Chuir Hitler iallach ar úinéirí bialainne, tithe tabhairne agus monarchana callairí a chur sna foirgnimh chun go mbeadh gach duine in ann a chuid óráidí a chloisteáil. Chomh maith leis sin, cuireadh raidió nua ar phraghas íseal ar an margadh. Tugadh an Volksempfänger air. Rinneadh é sin le cinntiú go raibh fáil ag na gnáthdhaoine ar óráidí Hitler nuair a bhí siad sa bhaile agus ar scoil.

Cúrsaí ceoil: Cuireadh cosc ar an snagcheol mar thoradh ar an mbaint a bhí aige le Meiriceá agus leis an gcine gorm. Cuireadh cosc ar cheol cumadóirí a raibh cúlra Giúdach acu, leithéidí Felix Mendelssohn agus Gustav Mahler.

Litríocht: Dódh leabhair a scríobh údair ó chúlraí Giúdacha agus/nó údair a chuir suim sa chumannachas go poiblí. Chuaigh an-chuid údair Ghiúdacha agus Chumannacha ar deoraíocht go dtí an Fhrainc, go dtí an Bhreatain agus go Meicsiceo.



Póstaer frith-shnagcheoil ina bhfuil an ceoltóir á léiriú mar ainmhí a bhfuil réalta Dháiví air.

Foclóir

ar deoraíocht: *into exile*



Leabhair á ndó ag na Naitsithe in 1933.



2017: Seilfeanna leabhar atá folamh mar mheabhrú ar an uair a dhóigh na Naitsithe leabhair san áit seo i mBeirlín.

An bhfuil a fhios agat?

I measc na n-údar a theith ón nGearmáin sna blianta roimh an Dara Cogadh Domhanda, bhí an cumannaí Anna Seghers. Tugadh cóipeanna dá húrscéal 'An Seachtú Cros' do shaighdiúirí Mheiriceá i rith an Dara Cogadh Domhanda ionas go mbeadh tuiscint níos fearr acu ar chruachás na ngnáthGhearmánach sna blianta roimh an gcogadh.



Leni Riefenstahl agus scannán á dhéanamh do na Naitsithe.

Scannánaíocht: Rinne an stiúrthóir Leni Riefenstahl dhá scannán do Hitler: (i) 'Triumph des Willens' faoi na cruinnithe bliantúla a bhí ag na Naitsithe i Nürnberg agus (ii) 'Olympia' faoi Chluichí Oilimpeacha Bheirlín. Úsáideadh teicnící ceannródaíocha sna scannáin bholscaireachta seo chun Hitler a léiriú mar dhia beag.

Ról na gCluichí Oilimpeacha: Bhain Hitler úsáid as Cluichí Oilimpeacha Bheirlín in 1936 chun ardchéimíocht na Gearmáine a thaispeáint don domhan mór. D'éirigh leis an nGearmáin níos mó bonn a bhuachan ná aon tír eile. Bhí díomá ar Hitler áfach, gur bhuaigh Jesse Owens, fear de dhath ó Mheiriceá, ceithre bhonn órga. B'in níos mó ná aon duine eile.



Jesse Owens ag buachan sa léim fhada ag Cluichí Oilimpeacha 1936.

Foclóir

teicnící ceannródaíocha: ***pioneering techniques***
dia beag: ***a little god***
ardchéimníocht: ***superiority***

Saol na mBan faoi Hitler

Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

maitheas	ginmhilleadh	iasacht
breith	giniúint	dall
ráta breithe	frithghiniúint	meabhairshláinte
lánúin	coinníoll	bonn/boinn

Na 3K: Bhí na Naitsithe ag súil go mbeadh mná sa bhaile ag tabhairt aire don fhear céile agus do na páistí. An mana a bhí acu ná Kinder, Küche, Kirche (páistí, cistin, eaglais). Chuir sé sin leis an íomhá go raibh Hitler ag iarraidh go bhfanfadh mná sna róil thraidisiúnta a bhí acu.

Obair: Mar gur chreid na Naitsithe gur cheart do mhná obair thraidisiúnta amháin a dhéanamh, b'éigean do mhná éirí as a bpoist mar mhúinteoirí, mar dhochtúirí nó sa tseirbhís shibhialta. Ó 1935 ar aghaidh, ní raibh cead ag mná a bheith ina bpolaiteoirí, ina ndlíodóirí ná a bheith ar ghiúiré.

Ag cur leis an ráta breithe: Cuireadh cosc ar an bhfrithghiniúint agus ar ghinmhilleadh. Crochadh póstaeir timpeall na tíre a luaigh an tábhacht mhór agus an mhaitheas a bhain le teaghlaigh mhóra. Cuireadh iasachtaí ar fáil do lánúineacha óga a bhí ag iarraidh pósadh, ar an gcoinníoll go mbeadh an bhean sásta éirí as an obair. Bronnadh boinn ar mhná a raibh teaghlaigh mhóra acu. Má d'éirigh le bean ochtar páistí a thabhairt ar an saol fuair sí bonn óir, má d'éirigh léi seisear páistí a bheith aici, fuair sí bonn airgid, má bhí cúigear aici fuair sí bonn cré-umha.

Nósanna na mban á múnlú: Moladh do mhná gan alcól a ól agus gan tobac a chaitheamh, toisc nach raibh sé banúil múinte i súile na bhfear. Ba mhór an difríocht idir seo agus na 1920idí, nuair a bhí an t-ól agus an tabac go mór i bhfaisean i measc mhná Phoblacht Weimar.

Ní bheidh gach bean ina máthair: Rinneadh obráid ar mhná áirithe chun nach mbeadh páistí acu. Ceapadh nach mbeadh sé oiriúnach do mhná a bhí dall, nó bodhar nó mná a raibh fadhbanna meabhairshláinte acu páistí a bheith acu. Bhain sé seo le polasaithe na Naitsithe.

Foclóir

bodhar: *deaf*
cré-umha: *bronze*
seirbhís shibhialta: *civil service*
a bheith ar ghiúiré: *to be on a jury*
banúil múinte i súile na bhfear: *ladylike according to the men*
i dtrilseáin: *in plaits*



Bean idéalach, dar leis na Naitsithe, a dúirt gur cheart do mhná éadaí traidisiúnta a chaitheamh, a gcuid gruaige a chur suas, i dtrilseáin agus gan aon smideadh a chaitheamh.

Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

cothaigh	Slavaigh	an cine Airianach
óige Hitler	club óige	aclaí
éigeantach	an Rós Bán	na Gasóga
frithNaitsíoch		creideamh

Meonta na bpáistí á múnlú: D'fhéach Hitler ar an gcóras oideachais mar bhealach chun dílseacht dó féin a chothú i measc pháistí óga na tíre. Theastaigh uaidh go gcaithfidís formhór a gcuid ama ar scoil nó ag an gclub óige ionas go bhféadfaí creideamh na Naitsithe a mhúineadh dóibh. Briseadh Giúdaigh, nó cumannaithe, a bhí ina múinteoirí as a bpoist. Bhí ar gach múinteoir a bheith ina bhall den pháirtí Naitsíoch. Thosaigh an lá scoile le hamhráin Naitsíocha agus beannú don bhrat Naitsíoch. Rinne Naitsithe cinneadh faoin ábhar a bheadh scríofa i dtéacsleabhair.

Foclóir

An Léann Ciníoch: *Racial Studies*
Lebensraum: *spás cónaithe*
Léig Iníonacha na Gearmáine: *the League of German Maidens*
grúpa frithbheartaíochta: *resistance group*
ar fud na Baváire: *all over Bavaria*

Ról an chorpoideachais: Nuair a tháinig Hitler i gcumhacht, cuireadh béim mhór ar an gcorpoideachas agus ba ábhar éigeantach i scoileanna é. Na haidhmeanna a bhain leis an gcorpoideachas ná go mbeadh buachaillí aclaí go leor le bheith ina saighdiúirí agus go mbeadh na cailíní in ann páistí a thabhairt ar an saol go héasca.



Páistí óga agus an beannú Naitsíoch, leis an lámh dhíreach, in úsáid acu.

Ábhair nua agus athruithe ar na hábhair seanbhunaithe: Rinneadh athscríobh ar na siollabais agus tugadh ábhair nua isteach, m.sh. 'An Léann Ciníoch' inar fhoghlaim scoláirí go raibh an cine Airianach níos fearr ná na Giúdaigh ná Slavaigh. Múineadh do scoláirí go raibh cuma láidir, aclaí, ard ar an gcine Airianach agus gruaig fhionn orthu. Múineadh dóibh freisin go raibh cuma scanrúil ar Ghiúdaigh, bhí srón fhada agus gruaig dhorcha orthu. B'éigean do scoláirí a bheith in ann na difríochtaí a aithint.

Sa rang tíreolaíochta, dhírigh scoláirí ar an tábhacht mhór a ghabh le *Lebensraum* (spás cónaithe) a bheith ag na Gearmánaigh in oirthear na hEorpa.


Sa rang staire, athscríobhadh na téacsleabhair chun ról na Gearmáine sa stair a ghlóiriú.

Sa rang mata, baineadh úsáid as samplaí míleata sna téacsleabhair, m.sh. 'In eitleán atá ag éirí den talamh, tá 120 buama, agus meáchan 10 kg i ngach ceann acu. Tá an t-eitleán ag dul i dtreo Várs, lárionad na nGiúdach. Déantar buamáil ar an mbaile. Bhí meáchan 8 dtonna san eitleán agus é ag fágáil. Cén meáchan a bhí ann tar éis na buamála agus é ag filleadh?'

Eagraíochtaí don óige: Bhí ról tábhachtach ag baint leis na heagraíochtaí do dhaoine óga freisin – Óige Hitler do bhuachaillí (ar dheis) agus Léig Iníonacha na Gearmáine do chailíní. Ba é an sprioc a bhí acu ná saighdiúirí agus mná tí a bhí dílis do Hitler a chothú.



'Freastalaíonn an óige ar an gceannaire – gach gasúr 10 mbliana d'aois le dul isteach in Óige Hitler.' Gasúr Gearmánach in éide Óige Hitler, agus Adolf Hitler taobh thiar de, 1941.



'Giúdach, gríosóir an chogaidh, a shíníonn fad an chogaidh'. Póstaer frithGhiúdach Gearmánach ó na 1940idí Cuireann sé i leith na nGiúdach gurbh iad a thosaigh an Dara Cogadh Domhanda.

Sophie Scholl: Ní raibh na daoine óga ar fad sa Ghearmáin ar aon intinn leis an méid a bhí ar siúl ag Hitler. I measc na samplaí is cáiliúla de dhaoine óga a bhí ina choinne, tá Sophie Scholl. Ba bhall í Sophie Scholl, agus a deartháir Hans, den ghrúpa frithbheartaíochta 'An Rós Bán'. Cuireadh an bheirt chun báis sa bhliain 1943 mar thoradh ar na paimfléid fhrithNaitsíocha a scaip siad ar fud na Baváire.

Saol na Mionlach faoi Hitler



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

baghcat	dlíthe Nürnberg	dochar
an státseirbhís	Ambasáid na Gearmáine	réalta Dháiví

Mionlaigh sa Ghearmáin: D'fhoghlaim tú cheana féin go raibh éagsúlacht mhór sna grúpaí a raibh cónaí orthu sa Rúis, ach ní mar sin a bhí sa Ghearmáin. Bhí Hitler in ann díriú ar thrí ghrúpa mionlacha a raibh cónaí orthu sa Ghearmáin. Mhaígh Hitler nach raibh áit dóibh sa stát nua a bhí sé ag iarraidh a chruthú. Ba iad na trí ghrúpa sin ná (i) Giúdaigh, (ii) daoine aeracha agus (iii) Finnéithe Iehova.

Foclóir

mhaígh Hitler: ***Hitler declared***
Finnéithe Iehova: ***Jehovah's Witnesses***
Ambasáid na Gearmáine: ***the German Embassy***

Na Giúdaigh

De réir an daonáirimh i mí an Mheithimh 1933, bhí 505,000 Giúdach sa Ghearmáin as daonra iomlán de 67 milliún duine.

Srianta roimh Dhlíthe Nürnberg: Eagraíodh baghcat ar shiopaí na nGiúdach ó mhí Aibreáin 1933 ar aghaidh. Cuireadh cosc orthu a bheith ag obair sa státseirbhís, mar mhúinteoirí, mar iriseoirí agus mar dhochtúirí leighis. Ó 1935 ar aghaidh, ní raibh cead ag Giúdaigh dul go linn snámha poiblí, ná go pictiúrlann ná ní raibh cead acu bheith ina saighdiúirí. Smaoinigh ar na péindlíthe in Éirinn mar chomparáid.

Cuireadh dlíthe Nürnberg i bhfeidhm an bhliain chéanna. Mar chuid de na dlíthe sin, cuireadh cosc ar Ghiúdaigh vóta a chaitheamh i dtoghcháin agus bhí cosc ar phósadh idir Giúdach agus daoine den chine Airianach.

Torthaí dhlíthe Nürnberg: Ghlac an-chuid Giúdach cinneadh an tír a fhágáil a luaithe agus ab fhéidir. D'fhág thart ar dhá thrian de Ghiúdaigh na Gearmáine an tír sular cuireadh cosc ar an eisimirce sa bhliain 1941.

Kristallnacht: I mí na Samhna 1938, tharla sraith ionsaithe ar Ghiúdaigh, inar scriosadh níos mó ná 800 siopa agus beagnach 200 sionagóg Giúdach. Tugaimid *Kristallnacht* (Oíche na Gloine Briste) ar an oíche. Tharla sé tar éis do Ghiúdach i bPáras státseirbhíseach in Ambasáid na Gearmáine a mharú. Léirigh *Kristallnacht* go raibh sé mar aidhm ag na Naitsithe dochar fisiciúil a dhéanamh do na Giúdaigh. Díreach i ndiaidh na hoíche sin, thosaigh daoine ag moladh go gcaithfeadh Giúdaigh suaitheantas ionas go bhféadfaí iad a aithint ar na sráideanna. Socraíodh go gcaithfeadh Giúdaigh réalta Dháiví buí ar a gcuid éadaí.



Sampla den dochar a rinneadh do na sionagóga i rith *Kristallnacht*.

Daoine aeracha

Dúnadh na tithe tabhairne a mbíodh daoine aeracha ag bualadh le chéile iontu. Sheol an Gestapo aon fhear, a cheap siad a bheith i gcaidreamh le fear eile, go dtí na campaí géibhinn. Ceaptar gur cuireadh timpeall 15,000 fear aerach go dtí na campaí géibhinn agus go bhfuair a bhformhór bás iontu. Bhí orthu réalta bándearg a chaitheamh agus baineadh úsáid as coirp daoine aeracha chun turgnaimh uafásacha a dhéanamh orthu.

Finnéithe Iehova

Is grúpa Críostaithe iad Finnéithe Iehova nár thaitin le Hitler. Ní raibh siad sásta go mbeadh a bpáistí ina mbaill d'Óige Hitler. Níor ghlac siad páirt sa pholaitíocht ná ní raibh siad sásta liostáil san arm ach oiread. Cuireadh iachall orthu triantán corcra a chaitheamh sna campaí géibhinn agus ceaptar gur maraíodh timpeall ar 1,000 Finné Iehova sna campaí. Is céatadán mór go leor é sin den 20,000 duine a bhí gníomhach sa ghrúpa sin sa Ghearmáin nuair a bhí Hitler i réim.



Bileog Oibre

Ag obair le foinsí

Foclóir

feachtasaíocht: *canvassing*

Foinse A: *The Kerryman*, 29 Meán Fómhair 1934, sliocht as alt gan ainm dar teideal *Adolf Hitler's Relief Work*.

'Canvassing for the accommodation of children in the homes of farmers etc. as well as for voluntary gifts takes place through the medium of the press, by leaflets, by broadcasting, by processions of the Hitler Youths, public speeches and canvassing cars with pictures and loudspeakers. All over the country youth hostels are being erected and equipped, capable of providing large numbers of children with good and adequate shelter. There are already provided a large number of country homes and large camps […] for the Hitler Youth during the school vacations. The Hitler Youth does valuable service […], whilst, at the same time, the German Women's Society looks after the Hitler Youths in the camps, cooking the food in enormous boilers for the boys. It is really a pleasure to watch the jolly life in such camps and to see the happiness of the lads, for which a new and joyous world has opened its doors.'

1. Luaigh ceithre bhealach a ndearna na Naitsithe feachtasaíocht ag an am.
2. Seachas a bheith ag fanacht le feirmeoirí, tabhair dhá bhealach eile a raibh lóistín le cur ar fáil do dhaoine óga.
3. Cén léiriú a fhaighimid ar ról na mban sa sliocht seo?
4. An dtugtar cur síos dearfach nó diúltach san alt seo ar an méid a bhí ar siúl ag na Naitsithe? Mínigh do fhreagra le samplaí ón alt.

Foinse B: *Irish Independent*, 14 Lúnasa 1935, sliocht ón bpíosa 'Europe Should Be Grateful to Hitler' le Gertrude Gaffney.

'The country has practically no raw materials, no iron or copper or wool and there is no money to buy these from other countries. You will note that even the best-dressed people are wearing what we would consider poor, shoddy materials (…) but these things only meet the eye on investigation. On the other hand, you see no painfully obvious poverty. The Government sees that everybody has food and clothing, and it also sees that everybody works for these. Strikes are unheard of; they are simply not permitted. Food prices are controlled, and the farmer is assured of a fixed price for his produce. There is a strong back-to-the-land movement. Men and women of the towns are sent to work on the land and, if they like it, to remain there. An astonishing number of them do.'

1. Bain úsáid as www.dib.ie chun eolas a fháil ar údar an phíosa seo.
2. Tabhair trí shampla d'amhábhar nach raibh fáil orthu sa Ghearmáin ag an am, dar leis an údar.
3. Cén fáth nach raibh an bhochtaineacht sofheicthe? Tabhair trí chúis.
4. An bhfuil meon dearfach, neodrach nó diúltach ag údar an ailt seo nó an bhfuil meascán i gceist? Mínigh do fhreagra.
5. Déan taighde ar an ngluaiseacht 'Blut und Boden' (fuil agus talamh) a ndéantar tagairt dó ag deireadh an tsleachta. Faigh trí phíosa eolais.

Foinse C: *Irish Independent*, 7 Iúil 1937.

'Stalin's purge is not yet ended, and, indeed, it may easily go on indefinitely. Any Russian who does not agree on every point with Stalin is liable at any moment to be denounced. […] During the last five years the party line has taken so many hairpin bends and the pace has been so hot that many competitors with the best will in the world will have failed to stay the course. […] Even Stalin has had to revise his own books to make them fit in with his altered policy. Lenin himself has come under suspicion and his bones may yet be cast out of his mausoleum in the Red Square as those of Marat* were thrown out of the Pantheon in Paris.'

[*bhí ról ag Marat i Réabhlóid na Fraince]

1. Ba iad na hathruithe intinne, a tháinig ar Stalin, ba chúis leis na purguithe. Cad é an fhianaise is mó sa sliocht seo a léiríonn é sin?
2. Ar caitheadh cnámha Lenin amach i ndeireadh na dála, go bhfios duit? Déan taighde.
3. Léigh foinsí B agus C arís. Tabhair cosúlacht amháin agus difríocht amháin eatarthu.

Foinse D: Sliocht as alt ón *Derry Journal*, 26 Lúnasa 1938.

'It is impossible to deny that Stalin and his followers have lessened illiteracy, stimulated production in certain lines and granted social services to groups of workers. Despite this, the hard fact remains: Russia today is ruled by a ruthless dictatorship which violates the natural rights and fundamental liberties of man. The Russian masses enjoy neither religious nor political freedom. […] School, press, theatre [and] screen are all under the control of Stalin and his tools […] The constant purges and mass trials reveal the brutal terrorism of the Stalin regime. In 1921 there were twenty-one members of the Central Committee of the Communist Party in Russia. Of these four have died a natural death, one committed suicide while under arrest, three are at present under sentence of death, fifteen have been executed by Stalin, Trotsky is in exile and [just] four, including Stalin, still hold office. […] Truly the Revolution has devoured its children and history is but repeating itself.'

1. Tabhair trí rud mhaithe a thug Stalin isteach, dar leis an údar.
2. Tabhair dhá shampla d'easpa saoirse na ndaoine ón alt.
3. 'Truly the Revolution has devoured its children'. Cén fhianaise a úsáideann údar an tsleachta seo chun tacú leis an argóint sin?

An Ghramadach

Ainmfhocal: sliocht (fir)	Uatha	Iolra
	an sliocht	na sleachta
T. Ainmneach	Tá an sliocht gearr.	Tá na sleachta gearr.
T. Tabharthach	Tá suim agam sa sliocht.	Tá suim agam sna sleachta.
T. Ginideach	Tá fad an tsleachta sonrach.	Tá fad na sliocht sonrach.



Bileog Oibre

Súil siar

Baineann an bosca nasctha seo thíos le trí théama a bhfuil staidéar déanta agat orthu sa chaibidil seo, (i) bolscaireacht, (ii) an eacnamaíocht agus (iii) saol na mionlach. Cuir na focail sa cholún cuí sa tábla. Ansin, scríobh 'H' [Hitler] nó 'S' [Stalin] ina ndiaidh. Beidh ocht dtéarma faoi gach ceannteideal.

Bolscaireacht	Eacnamaíocht	Saol na mban
na 3Kanna	cosc ar snagcheol	comhsheilbhíocht
pleananna cúig bliana	Alexander Nevsky	naíonraí á n-oscailt
Cluichí Oilimpeacha	Alexandra Kollontai	réalachas sóisialach
meabhairshláinte	béim ar ról traidisiúnta	Kulakí
Volksempfänger	béim níos láidre ar phóstaeir	leabhair á ndó
tógáil na mótarbhealach	Volkswagen	ochtar = bonn óir
cosc ar cheardchumainn	deichniúr = laoch náisiúnta	plean ceithre bliana
trilseáin	feabhas ar an gcóras iompar poiblí	aerscuabadh



Tionscnamh taighde – MRB 2

Is iomaí duine a chasamar orthu i rith na caibidle seo arbh fhiú tionscnamh taighde a dhéanamh orthu agus MRB2 á phleanáil.

Seo roinnt moltaí:

1. Mná tábhachtacha faoi Hitler agus Stalin:
   a) Anna Akhmatova (file Rúiseach)
   b) Agnes Miegel (file Gearmánach a thaobhaigh le Hitler)
   c) Anna Seghers (úrscéalaí Gearmánach a theith go Meicsiceo)
   d) Nadezhda Alliluyeva (bean chéile Stalin)
   e) Thea von Harbou (scríobh sí scripteanna scannáin nuair a bhí na Naitsithe i réim)
2. Éireannaigh a chaith seal sa Ghearmáin nó sa Rúis
   a) Brian Goold-Verschoyle (fear as Dún na nGall a maraíodh sna purguithe)
   b) Seán Russell (bhí sé ag iarraidh go mbeadh an IRA agus na Naitsithe ag cabhrú le chéile)
   c) Gertrude Gaffney (léigh tú sliocht léi sa chéad bhileog oibre)
   d) May agus Eileen Healy (deirfiúracha Éireannacha a theith ó Chív nuair a tháinig Lenin i gcumhacht)

NÓTAÍ